**COM/TA/NEAR/ADV/21/AD13/AN BHRUISÉIL**

# ROGHNÚ BALL FOIRNE SEALADAÍ LE hAGHAIDH NA hARD-STIÚRTHÓIREACHTA UM BEARTAS COMHARSANACHTA AGUS CAIBIDLÍOCHT MAIDIR LE MÉADÚ (DG NEAR)

Tá an Coimisiún Eorpach ag eagrú próiseas roghnúcháin seachtrach chun post le haghaidh Comhairleoir Eacnamaíoch a líonadh le haghaidh na hArd-Stiúrthóireachta Um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (DG NEAR) atá ceangailte le NEAR.A. Is sa Bhruiséil, an Bheilg, atá an post seo.

## 1. DUALGAIS AN PHOIST

Ar na cúraimí a bheidh ar an gComhairleoir Eacnamaíoch, tá:

- A bheith i gceannas, in éineacht le hAonad NEAR A3, ar an tacaíocht théamach in AS NEAR maidir le rialachas eacnamaíoch, trádáil, forbairt agus iomaíochas san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear beartas infheistíochta agus forbairt caipitil dhaonna, an tsláinte san áireamh.
- Comhairle a thabhairt ar ghnéithe eacnamaíocha san idirphlé le tíortha comhpháirtíochta agus míniú a thabhairt ar ghníomhaíochtaí AS NEAR i réimse an rialachais eacnamaíoch agus na forbartha soch-eacnamaíoch do thíortha comhpháirtíochta, do na Ballstáit, d'eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha agus do thríú páirtithe eile agus don phobal i gcoitinne, trí chur i láthair ag comhdhálacha, seimineáir, ceardlanna, etc.
- I gcomhar le heacnamaithe na dtíortha in AS NEAR agus i gcomhar le DG ECFIN, DG TRADE agus Ard-Stiúrthóireachtaí ábhartha eile, cuireann siad anailís agus comhairle ar bhainistíocht shinsearach ar fáil maidir le beartais shocheacnamaíocha (lena n-áirítear trádáil) an Aontais agus a impleachtaí do bheartais AS NEAR.
- Comhsheasmhacht an chúnaimh airgeadais a áirithiú chun tacú le forbairt shocheacnamaíoch faoi ICR III agus faoin Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (ICFCI) le hionstraimí cúnaimh eile de chuid an Aontais, go háirithe cúnamh macra-airgeadais.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Ard-Stiúrthóireacht agus d'Ard-Stiúrthóireacht NEAR, de réir mar is gá, i ndáil le húdaráis na dtíortha comhpháirtíochta, eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha agus tríú páirtithe eile.
- Pointe fócasach a áirithiú le haghaidh AS TRADE agus an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF).

## 2. CINEÁL AGUS FAD AN CHONARTHA

An t-iarrthóir a n-éireoidh leis, d'fhéadfadh sé go dtairgfí conradh sealadach dó faoi phointe (a) d'Airteagal 2 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile[1] an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20210101&qid=1612978342056&from=EN

sealadacha[2] a fhostú agus a úsáid. Ceithre bliana ar a mhéad a mhairfidh an chéad chonradh, agus féadfar dhá bhliain ar a mhéad a chur leis sin.

Agus uasfhad an chonartha á shocrú, cuirfear san áireamh forálacha ábhartha an Chinnidh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 lena leasaítear an Cinneadh ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2004 maidir leis an uasfhad is féidir foireann neamhbhuan a úsáid (seacht mbliana in achar dhá bhliain déag)[3].

**IONAD OIBRE** An Bhruiséil, AN BHEILG

**LEIBHÉAL** AD13

## 3. COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA

### 3.1. Coinníollacha ginearálta

Ní mór do gach iarrthóir na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, ar ceann acu sin náisiúntacht Ballstáit den Aontas a bheith acu.

Cuireann institiúidí an Aontais Eorpaigh beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann siad le hiarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

### 3.2. Coinníollacha sonracha

#### 3.2.1 Cáilíochtaí

Faoin sprioc-am le hiarratais a dhéanamh, ní mór *na nithe seo a leanas* a bheith *ag an iarrthóir*:

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile a críochnaíodh agus ar baineadh dioplóma amach dá bharr, nuair is ceithre bliana nó níos mó gnáthfhad cúrsa léinn ollscoile.

Nó

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad a críochnaíodh agus ar baineadh dioplóma amach dá bharr, agus aon bhliain amháin ar a laghad de thaithí oibre chuí.

Meastar gur cuid dhílis den dioplóma an t-íosmhéid sin d'aon bhliain amháin de thaithí oibre, agus ní féidir é a áireamh mar chuid den taithí oibre a iarrtar thíos.

---

[2] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/jobs_at_the_european_commission/job_opportunities/documents/commission-decision-temporary-agents-c-2013-9049-en.pdf

[3] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/jobs_at_the_european_commission/job_opportunities/documents/commission-decision-maximum-duration-non-permanent-staff-c-2013-9028-en.pdf

Ní ghlacfar ach le dioplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó le dioplómaí a bhfuil teastais chomhluacha ag gabháil leo a d'eisigh na húdaráis i gceann de na Ballstáit sin.

Bheadh céim ollscoile i réimse na heacnamaíochta, an dlí, na n-eolaíochtaí sóisialta, na n-eolaíochtaí polaitiúla nó i ndisciplín ábhartha a bhaineann go díreach leo ina bhuntáiste.

**3.2.2 Taithí**

Ar an dáta deiridh le hiarratais a dhéanamh, arna leagan síos san fhógra seo, ní mór do na hiarrthóirí a thaispeáint go bhfuil acu, mar aon leis na cáilíochtaí a iarrtar thuas, 15 bliana ar a laghad de thaithí oibre, a fuair siad i ndiaidh dóibh an dioplóma a bhaint amach a theastaíonn le cur isteach ar an bpróiseas roghnúcháin.

**Taithí shonrach**

An t-iarrthóir a n-éireoidh leis, is gairmí sármhaith fuinniúil a bheidh ann, agus beidh an méid seo a leanas aige:

- Tuiscint mhaith ar bheartais AE agus ar thaithí oibre i réimse na forbartha socheacnamaíche go háirithe i réimse na trádála agus i bhforbairt na hearnála príobháidí; Is buntáiste í taithí in aon cheann de na réimsí seo a leanas: gnóthaí airgeadaíochta, cúnamh macra-airgeadais, taithí ar fhorbairt caipitil dhaonna (oideachas, fostaíocht, cosaint shóisialta agus cultúr).

- Tuiscint an-mhaith ar na beartais a thagann faoi shainchúram AS NEAR.

**Cumarsáid agus caibidlíocht**

- Ardscileanna idirphearsanta, cinnteoireachta agus caibidlíochta ar ardleibhéal agus sárábaltacht cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil leis na geallsealbhóirí uile atá laistigh agus lasmuigh den Choimisiún agus caidreamh iontaofachta a chothú leo;

- An cumas teachtaireacht ábhartha shoiléir a fhorbairt agus a thabhairt do gach cineál lucht éisteachta agus íomhá dhearfach de na hinstitiúidí Eorpacha agus, go háirithe, den Choimisiún a chur i láthair.

**Buanna pearsanta**

- An cumas plé ar dhóigh éifeachtach chúirtéiseach le gach páirtí lena mbítear i dteagmháil agus le gach comhghleacaí, agus dá bharr sin caidreamh dlúth oibre a bhunú;

- A bheith ábalta strus a sheasamh.

- Scileanna láidre anailíseacha agus cumas an-mhaith chun iad a shintéisiú, d'fhonn fadhbanna casta a réiteach bunaithe ar bhreithiúnas fónta;

- Cumas an-mhaith a chuid oibre féin a eagrú agus a struchtúrú.

**Beidh na nithe seo a leanas ina mbuntáiste mór ag an iarrthóir:**

- Taithí ar fheidhmiú i dtimpeallacht íogair gheopholaitiúil a bhaineann le híogaireacht pholaitiúil, agus ar anailís, ceapadh agus foirmliú beartais, taithí chruthaithe ar ionadaíocht a dhéanamh ar an gCoimisiún (nó ar Institiúid) i ndáil le tíortha comhpháirtíochta nó institiúidí eile an Aontais Eorpaigh; taithí ar bhainistiú eolais agus ar chumas caidreamh a chothú le geallsealbhóirí inmheánacha ábhartha (DG EAC, DG EMPL, etc.) agus le geallsealbhóirí seachtracha (Fondúireacht Eorpach Oiliúna, an Banc Domhanda, na Náisiúin Aontaithe, etc.).

### 3.3. Teangacha

De réir phointe (e) d'Airteagal 12(2) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, ní mór sáreolas ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh a bheith ag iarrthóirí agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann eile de na teangacha sin. Buntáiste is ea é eolas ar theangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais.

Ba cheart go mbeadh scileanna cumarsáide labhartha agus scríofa den scoth ag an iarrthóir le go bhféadfaidh sé cumarsáid éifeachtach líofa a dhéanamh le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.

## 4. CÉIMEANNA AN PHRÓISIS ROGHNÚCHÁIN

Beidh trí chéim ar leith sa phróiseas, ceann i ndiaidh a chéile:

### 4.1. Réamhroghnú

#### 4.1.1 Réamhroghnú ar bhonn cáilíochtaí

Déanfaidh an coiste roghnúcháin, arna chomhdhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 2(c) den Chinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid, déanfaidh sé réamhroghnú ar bhonn cáilíochtaí agus taithí oibre. Chuige sin, iarrtar ar iarrthóirí trí dhoiciméad a sholáthar:

a) foirm iarratais agus í líonta isteach;
b) CV;
c) agus litir inspreagtha.

D’fhonn é a chur ar chumas an phainéil réamhroghnúcháin inghlacthacht na n-iarratas a mheas, iarrtar ar iarrthóirí na nithe seo a leanas a lua go soiléir sna doiciméid sin:

a) Maidir le cúrsaí staidéir a rinneadh: dáta tosaigh agus dáta deiridh an chúrsa, gnáthfhad an chúrsa iomláin agus teideal beacht an dioplóma a baineadh amach;
b) Maidir leis na tréimhsí taithí oibre: dáta tosaigh agus dáta deiridh gach tréimhse taithí oibre agus tuairisc bheacht ar na dualgais a rinneadh.

Má tá aon cheann de na trí dhoiciméad thuasluaite ar iarraidh nó mura bhfaightear iad faoin sprioc-am atá leagtha síos, measfar go bhfuil an t-iarratas ar neamhní go hiomlán.

Céim dhíbeartach atá i gcéim an réamhroghnúcháin agus mar sin is do na hiarrthóirí a réamhroghnófar, agus dóibh siúd amháin, a thabharfar cuireadh chun céim an roghnúcháin (féach Roinn 4.2).

Na doiciméid tacaíochta atá luaite i Roinn 4.1.2 thíos, NÍ gá iad a chur ar fáil ag an gcéim seo. Iarrfar ag céim níos faide anonn den phróiseas roghnúcháin iad (féach Roinn 4.1.2).

**4.1.2 Doiciméid tacaíochta**

Roimh an agallamh (féach Roinn 4.2), ní mór do na hiarrthóirí a réamhroghnaíodh na doiciméid tacaíochta oifigiúla a sholáthar lena ndearbhaítear an fhaisnéis a thug siad san fhoirm iarratais, sa CV agus sa litir inspreagtha. I gcás nach soláthraítear na doiciméid sin faoin sprioc-am atá leagtha síos sa chuireadh chun agallaimh beidh an t-iarratas ar neamhní go hiomlán.

Ag seo na doiciméid tacaíochta oifigiúla a bheidh le cur isteach ag na hiarrthóirí sin dá dtabharfar cuireadh chun agallaimh, agus acu sin amháin:

- Cóip de dhoiciméad a chruthaíonn an tsaoránacht atá acu (cárta aitheantais nó pas);
- Cóip de na dioplómaí nó de na teastais a chruthaíonn go bhfuil an leibhéal oideachais acu a iarrtar;
- Teastais fostaíochta a chruthaíonn fad na taithí oibre atá acu.

Sna doiciméid sin ní mór dáta tosaigh, dáta deiridh agus fad gach ceann de na tréimhsí taithí oibre atá an t-iarrthóir ag iarraidh a chur san áireamh don phróiseas roghnúcháin seo, ní mór sin a bheith luaite go soiléir. Chuige sin, is é rud is fearr, na hiarrthóirí teastais fostaíochta óna n-iarfhostóirí agus óna bhfostóir reatha a chur ar fáil. Ina n-éagmais sin, glacfar cóipeanna de chineálacha eile doiciméid, mar shampla: conarthaí fostaíochta maille leis an gcéad duillín pá agus an duillín pá deiridh agus duillín pá na míosa deiridh de gach bliain eile i gcás conradh a mhair níos mó ná bliain, litreacha oifigiúla nó doiciméid cheapacháin maille leis an duillín pá deiridh, taifid fostaíochta, dearbhuithe cánach.

Ní ghlacfar an t-iarratas go críochnaitheach go dtí go gcuirfear ar fáil na doiciméid tacaíochta a iarrtar. I gcás nach bhfaightear na doiciméid sin faoin sprioc-am atá leagtha síos sa litir faoin réamhroghnú agus sa chuireadh chun agallaimh, beidh an t-iarratas ar neamhní go hiomlán.

Má tá aon amhras ar na hiarrthóirí faoi chineál nó faoi bhailíocht na ndoiciméad atá le cur ar fáil, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le rúnaí an choiste roghnúcháin deich lá oibre ar a laghad roimh an sprioc-am, tríd an mbosca ríomhphoist feidhmiúil ag an seoladh ríomhphoist seo:

HR-2021_NEAR_ADVISER@ec.europa.eu

Is é is cuspóir dó sin iarratas iomlán inghlactha a bheith curtha isteach faoin sprioc-am.

Tráth is faide anonn, iarrfar ar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo bunchóipeanna na ndoiciméad uile a theastaíonn a chur ar fáil chun go ndearbhófar iad.

**4.2. Roghnú**

Iarrthóirí a n-éireoidh leo dul tríd an gcéim iontrála, tabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh chun go measfar agus go gcuirfear i gcomparáid le chéile iad go hoibiachtúil neamhchlaonta ar bhonn a gcáilíochtaí, a dtaithí oibre agus a n-eolais ar theangacha, mar atá leagtha amach san fhógra seo.

Chun an próiseas roghnúcháin a chur i gcrích a luaithe is féidir ar mhaithe leis na hiarrthóirí agus leis an institiúid, is i mBéarla agus/nó i bhFraincis amháin a bheidh an próiseas roghnúcháin[4].

Beidh an liosta d'iarrthóirí ar éirigh leo bailí go ceann dhá bhliain ar a mhéad. Féadfar síneadh a chur le bailíocht an phainéil.

**5. IARRATAIS**

Ní mór an fhoirm iarratais agus í líonta isteach maille le CV agus litir inspreagtha a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo:

HR-2021_NEAR_ADVISER@ec.europa.eu

Ar chúiseanna praiticiúla agus le go bhféadfar an próiseas roghnúcháin a chur i gcrích a luaithe is féidir ar mhaithe leis na hiarrthóirí agus leis an institiúid, is i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis a chaithfear an CV agus an litir inspreagtha a bheith.

Iarrtar ar iarrthóirí a n-iarratas a sheoladh in aon ríomhphost amháin, i bhformáid .zip nó .pdf. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart aon teachtaireacht atá os cionn 2 MB a bhaint go huathoibríoch ón mbosca isteach.

Ní dhéanfar aon athrú ar na sonraí atá san fhoirm iarratais i ndiaidh an sprioc-ama le hiarratais a dhéanamh. Ní féidir an ceart chun sonraí a athrú a fheidhmiú i ndiaidh an sprioc-ama le hiarratais a dhéanamh.

Ba cheart d'iarrthóirí gach comhfhreagras leis an gcoiste roghnúcháin, iarratais ar fhaisnéis san áireamh, a sheoladh chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil céanna i gcónaí. Faoin iarrthóir atá sé rúnaí an choiste roghnúcháin a chur ar an eolas má athraíonn a sheoladh ríomhphoist le linn an phróisis roghnúcháin.

Cuireann an Coimisiún Eorpach beartas comhdheiseanna i bhfeidhm. Bheadh fáilte ar leith ag an gCoimisiún roimh iarratais ó mhná.

Ní mór gach iarratas a dhéanamh roimh an **30 Meán Fómhair 2021 ar 12:00 (meán lae, am na Bruiséile).**

**6. EOLAS BREISE**

Tá an fógra roghnúcháin seo foilsithe i 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (DG NEAR) agus ar shuíomh gréasáin EPSO.

---

[4] Déanfaidh an painéal roghnúcháin deimhin de nach mbeidh aon bhuntáiste míchuí ag cainteoirí dúchais na dteangacha sin.

Is le ríomhphost amháin a dhéanfar gach cumarsáid dhíreach idir na hiarrthóirí agus seirbhísí an Choimisiúin. Dá bhrí sin, ionas go bhféadfaidh seirbhísí an Choimisiúin dul i dteagmháil leis na hiarrthóirí, ní mór do gach iarrthóir seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt is féidir a úsáid ó thús deireadh an phróisis roghnúcháin.